

# ❁ An Lúibín ❁

3 Nollaig 2013

## Nuachtán clóite á éileamh

Tá roinnt gníomhaithe teanga tagtha le chéile le feachtas a chur ar bun ag iarraidh ar Foras na Gaeilge athintinn a dhéanamh faoin gcinneadh nach mbeadh teacht ar an nuachtán seachtainiúil Gaeilge atá á airgeadú ag an bhForas ach amháin i bhfoirm leictreonach.

Dúirt Donncha Ó hÉallaithe, urlabhraí de chuid an fheachtais, nach bhfuil an cinneadh ag teacht leis na tuairimí a léiríodh sa suirbhé a bhí ar bun ag an bhForas agus é ag dul i gcomhairle leis an bpobal.

Do réir torthaí an tsuirbhé sin ní raibh ach 21% dena freagróirí i bhfabhar ‘foilseachán nuachta leictreonach ar fáil ar líne amháin,’ an formáid don nuachtán nua Ghaeilge atá roghnaithe ag Foras na Gaeilge. Creideann muid, le freastal i gceart ar phobal na Gaeilge agus leis uasmhéid léitheoirí a bhaint amach, go mba cheart an nuachtán seachtainiúil a bheith ar fáil mar nuachtán clóite, chomh maith le bheith ar fáil ar líne.

Deir an feachtas nach bhfuil an cinneadh ag cur leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: ‘Tá muid ag iarraidh anois ar Foras na Gaeilge athmhacnamh a dhéanamh ar an gcinneadh a deineadh Lá Samhna agus an bealach a fhágaint oscailte le go bhféadfaí an nuachtán a chur amach i bhformáid leictreonach agus i bhfoirm chóite, le go sroisfidh sé uasmhéid lucht léite na Gaeilge’.

Feachtas an Nuachtáin Chlóite  
Na hAille, Indreabhán, Contae na Gaillimhe  
[nuachtangaeilge@gmail.com](mailto:nuachtangaeilge@gmail.com)



## Sraith na Scoileanna

B’fhéidir gur fhiafraigh tú ó am go chéile cén mhaith atá leis na liostaí úd a léiríonn na scoileanna is rathúla. Marcanna a bhíonn i gceist i gcónaí, cé gur iomaí bealach eile ann chun fiúntas scoile a mheas. Mar sin féin, is díol spéise é Sraith na Scoileanna san *Irish Times*, liosta a thaispeánann go raibh ocht ngaelscoil orthu siúd a chuir daltaí go léir na bliana seo ar aghaidh chun an tríú leibhéal.

Tá méadú mór tagtha ar an méid scoileanna gan táille a bhaineann áit ard amach ar na liostaí seo. Bíonn na scoileanna táille chun tosaigh mar is gnách maidir leis na cúrsaí a bhfuil na pointí iontrála is airde ag gabháil leo, ach is léir go bhfuil ag éirí go maith leis na gaelcholáistí freisin. Tá Coláiste Íosagáin Stigh Lorgan, Coláiste Eoin Stigh Lorgan agus Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair, le fáil go hard ar an tSraith.

Níl laghdú tagtha ar thábhacht an ghustail sna gnóthaí seo. Ar scoileanna táille, ar ghaelscoileanna agus ar státscoileanna Stáit sna ceantair is saibhre a bhíonn an rath is mó. Tá tóin na Gaeilge ar stól an rí anois.



## Maolú na Gaeilge

Alt suimiúil atá ag Pádraig B. Ó Laighin ar *Feasta* (Nollaig 2013, [www.feasta.ie](http://www.feasta.ie)): ‘Anois an t-am chun deireadh mhaolú na Gaeilge san AE a lorg’. Is é an chiall atá le ‘maolú’ moill a chur ar fheidhmiú rialacháin de chuid an Aontais Eorpaigh i gcóras dlí ballstáit. Sa chás seo baineann sé le lánúsáid na Gaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh, úsáid a sholáthródh grúpa speisialtóirí an-oilte. Dealraíonn sé go bhfuil an tAire Gaeltachta féin ar aon intinn le Pádraig.

Níl dualgas ar na hinstitiúidí Eorpacha na gníomhartha dlíthiúla uile a sholáthar i nGaeilge mar a dhéantar sa thrí theanga oifigiúla is fiche eile, agus sin cinneadh a rinne rialtas na hÉireann féin. Dúradh go raibh ‘deacrachtaí ann fós maidir le leorlón aistritheoirí, saineolaithe dlí/teanga, ateangairí agus cúntóirí Gaeilge a earcú’. Beidh an maolú i bhfeidhm dtí 31 Nollaig 2016. Ansin, mar a deir Pádraig, caithfidh an rialtas rogha a dhéanamh: méid mór postanna a chur ar bun d’Éireannaigh le Gaeilge ar chostas an AE nó maolú eile a iarraidh.

Tá an cheist á hiniúchadh ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, ach deir Pádraig:

Ní léir dom go bhfuil seasamh phobal na Gaeilge á chur san áireamh san iniúchadh sin, ná fiú tuairimí na n-eagras Gaeilge, agus ní gá go mbeadh pé moladh a thabharfadh oifigigh na Roinne don Rialtas ag teacht le moltaí in aon tuarascálacha inmheánacha a réiteofaí ar an gceist.

Mar a deir sé, chuir an Rialtas breis is €8 milliún isteach i gcúrsaí do chúntóirí, d’aistritheoirí, d’ateangairí, agus do dhlítheangeolaithe. Faoi dheireadh na bliana 2012 bhí 243 duine ann ar éirigh leo sna scrúduithe, agus maoiníodh cúrsaí nua sa bhliain 2013. Is dóigh le Pádraig nach féidir a rá anois go bhfuil ganntanas gairmithe ann ná ganntanas téarmaí ach oiread: tá breis is 50,000 téarma Gaeilge i mbunachar Téarmaíocht Idirghníomhach don Eoraip.

Tá ardchaighdeán ag gabháil leis na trialacha iontrála: scileanna briathartha agus uimhriúla, réasúnaíocht theibí, agus eolas ar an dara agus ar an tríú teanga. Sa chomórtas deireanach d’aistritheoirí Gaeilge theip ar 85.5% de na n-iarrthóirí sna trialacha iontrála. Orthu sin bhí iarrthóirí a raibh céimeanna MA san aistriúchán Gaeilge bainte amach acu; ach ní mór a rá nach cumas aistrithe atá i gceist anseo. Bhí an teip seo i bhfad níos mó ná mar a bhí sna comórtais Eastóinise agus Laitvise. Deir Pádraig nach gá d’iarrthóirí go mbeadh cúrsa iarchéime san aistriúchán déanta acu; mar sin féin, tá tábhacht le cúrsaí aistriúcháin toisc go ndiúltaíonn na hOllscoileanna céimeanna in ábhair éagsúla a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Deir Pádraig, fiú dá mbeadh easnamh ann de dheasca laigí sa tríú teanga nó eile, go mbeadh fáil ar phainéal conraitheoirí aistriúcháin neamhspleácha Gaeilge agus 157 n-aistritheoir creidiúnaithe ar phainéal Fhoras na Gaeilge. I gcás na Máltaise, mar shampla, cuirtear an chuid is mó de na haistriúcháin faoi bhráid conraitheoirí.

Cuireann Pádraig i gcuimhne dúinn go gcuirfeall timpeall 183 phost ardleibhéil ar fáil d’Éireannaigh roimh dheireadh 2016 agus iad maoinithe go hiomlán ag an Aontas Eorpach. Chomh maith leis sin, chomhlíonadh tógáil an mhaolaithe toil Rialtas na hÉireann ‘go dtabharfaí an stádas céanna don Ghaeilge is a thugtar do theangacha náisiúnta oifigiúla na mBallstát eile’. Deir Pádraig gurb é fírinne an scéil ‘go bhfuil dul chun cinn suntasach agus leordhóthanach déanta’ agus nuair a d’iarr Málta go

gcuirfí deireadh le maolú den chineál céanna gur chúrsaí polaitíochta, eacnamaíochta agus leasa náisiúnta ba chúis leis seachas easpa daoine cáilithe.

Is é a thuairim go dtiocfadh laghdú tobann ar líon na ndaoine a dhéanfaidh na cúrsaí chomh luath agus a bheadh a fhios acu go raibh an Rialtas chun fadú eile a lorg. Sin é an rud a tharla i gcás na hateangaireachta de dheasca dhiúltú na Parlaiminte Eorpaí ateangairí lánaimseartha Gaeilge a fhostú toisc nach raibh teacht ar an líon a bhí ag teastáil.



### Léarscáil na Gaeilge i gCúige Laighean

Tá léarscáil ann anois a thaispeánann na lárionaid agus na heagraíochtaí atá ag cur na Gaeilge chun cinn i gCúige Laighean. Colm Ó Broin a rinne í, agus is léir uaithi gur sa chúige sin a bheidh rath ar an teanga feasta. Tá gréasán Gaeilge ann atá ag dul i neart in aghaidh an lae. Is é Baile Átha Cliath príomhchathair na Gaeilge, d'ainneoin a bhfuil de dhaoine ann a raibh doicheall orthu roimh an teanga ar scoil agus nach ndearna athintinn ó shin.

Féach:

<https://maps.google.com/maps/ms?msid=208901065340244846525.0004cbb3d9b9377e4bbfc&msa=0&mid=1384211503>



### An chláirseach i litríocht na Gaeilge

Rud teibí í an chláirseach mar atá i dtraidisiún náisiúnach (agus coilíneach) an Bhéarla in Éirinn: suaithantas a chuirtear ar bhreach nó ar bhonn. Tá sé ráite ag na scoláirí gur rud eile ar fad í i dtraidisiún agus i litríocht na Gaeilge: uirlis cheoil í a músclódh lámha beo í.<sup>1</sup> Thugtaí ‘cruit’ uirthi: uirlis a raibh téada miotail inti, sainmhodh seinnte ag baint léi, gradam ar leith ag gabháil léi. Ba bhinn le huasal agus le híseal í agus í le cloisteáil i gcaisleán agus in óstán, ach i ndeireadh na dála bhain sí le saol agus meon na dtiarnaí. B’fhada an oiliúint a bhí ag teastáil chun máistreacht a fháil uirthi, rud a d’fhág i seilbh na gcláirseoirí gairmiúla agus na huasaicme í.

Luaitear an chruit sa litríocht Ghaeilge is luaithe; is ann a thagaimid ar abairt a mhair go dtí ár n-aimsir féin – ‘cruit gan chéis’ nó rud gan lúcháir (ós eochair í an chéis). Sa Dinnseanchas Fileata (*Metrical Dindshenchas* - dánta nár cumadh níos déanaí ná an 11ú haois agus a bhfuil ábhar i bhfad níos sine iontu) tá cuntas bríomhar a thug an file Fulartach ar aonach mór Charmhain (*céte óbenaig fhéil*):

Is iat a ada olla  
stuic, cruitti, cuirn chróes-tholla,

<sup>1</sup> Féach *An Lúibín*, uimh. 197 (‘Cláirseacha agus comharthaí’) agus tuairisc ann ar an gcaint a thug an Dr Emily Cullen i gColáiste Newman ar 13 Samhain 2013.

cúisig, timpaig cen trámna,  
filid, agus fáen-chlíara.<sup>2</sup>

*Is iad a áirgí móra stoic, cruiteanna, coirn chraos-tolla, píobairí, tiompánaithe gan tuirse, filí agus faon-chléir.*

Feicimid anseo ceolta an domhain ag teacht ar mhullach a chéile, ach de ghnáth tugtar le fios gur dhuine de chóisir an taoisigh é an cruitire, fiú sna laoithe Fiannaíochta:

Cnú Dheireoil, cnú mo choirp,  
an t-abhac beag a bhí ag Fionn,  
'nuair do sheinneadh cuir is puirt  
do bhíodh sé 's a chruit go binn.<sup>3</sup>

Faoin 16ú haois is minice trácht á dhéanamh ar an gcláirseach (uirlis níos toirtiúla) ná ar an gcruit, cé gurb í an uirlis chéanna atá i gceist i ndáiríre. I ndán de chuid na haoise úd luann Eochaidh Ó Heódhasa (agus é ag cuimhneamh ar chúirt a phátrúin) 'gáir bhinnorghán ré hochtaibh imilmhéar' (*gáir na huirlise binne le hocht mbarr méar*), líne a thugann leid dúinn faoi mhéarú na dtéad.<sup>4</sup> I bhfilíocht na Gàidhlig féin luaitear an chláirseach (in éineacht leis an bpiob mhór) mar uirlis a chuireann le clú cúirte: féach a ndeirtear in amhrán de chuid Mhàiri Nic Leòid, file iomráiteach de chuid an 17ú haois:

Gu àros nach crìon  
Am bi gàirich nam piob  
Is nan clàrsach a ris...<sup>5</sup>

Tá léiriú eile déanta ar úsáid na cláirsí (mar íomhá agus mar uirlis) sna dánta galánta grá a bhailigh Tomás Ó Rathile, dánta a bhfuil blas na cúirte orthu agus ar cumadh a bhformhór roimh an mbliain 1600. Mealltar bean le beagán téad, a deir ceann acu, agus díomá ar an bhfile toisc nach bhfuil ar a chumas lántairbhe a bhaint as na téada céanna:

Dom anró nár fhoghlaim mé  
seinm chailín ó tSiúire,  
i dtráth suain le sreing n-umha  
nách beinn uaidh i n-aontumha.<sup>6</sup>

Ar an dóigh chéanna, maíonn an té a scríobh 'Sgéal ar dhiamhair na suirghe' go bhfuil cluain sa chláirseach:

guth caoin do chur le téadaibh  
maith do bhréagfadh bean fhiata.<sup>7</sup>

In 'Beatha an Scoláire' faighimid solás agus sult á mbaint as saol an léinn agus an chláirseach mar chuid de:

<sup>2</sup> 'Carmun,' *Met. Dinds* . iii 18.233: <http://www.ucc.ie/celt/published/G106500C/index.html>

<sup>3</sup> Ó Tuama, Seán, *An Duanaire 1600-1900*, The Dolmen Press 1981, 1985, lch 146: 'A Oisín, 's fada do shuan'.

<sup>4</sup> Knott, Eleanor, 'Conflicting Counsels,' uimh. 13, lch 75, *Irish Syllabic Poetry 1200-1600*, Dublin Institute for Advanced Studies 1981

<sup>5</sup> Watson, J. Carmichael (eag.). 'An Crònan' (uimh. 62), *Gaelic Songs of Mary MacLeod*. Blackie & Son Limited 1934: [http://archive.org/stream/gaelicsongsofmar00macl/gaelicsongsofmar00macl\\_djvu.txt](http://archive.org/stream/gaelicsongsofmar00macl/gaelicsongsofmar00macl_djvu.txt).

<sup>6</sup> Ó Rathile, Tomás, 'Mealltar bean le beagán téad,' uimh. 72, lch 97, *Dánta Grádha*, Cló Ollsgoile Chorcaí 1976 (athchló)

<sup>7</sup> Ibid. uimh. 7, lch 9.

Do bheir sé greas ar tháiplis  
is ar chláirsigh go mbinne,  
nó fós greas eile ar shuirghe  
is ar chumann mná finne.<sup>8</sup>

Nochtann an chláirseach os ár gcionn arís i roinnt ceathrúna a rinne Pádraigín Haicéad, duine de na filí is suntasaí de chuid an 17ú haois. Deir sé nach féidir Eoghan Ó Eachach, cláirseoir, a shárú 'ar chomhrannaibh cóirighthe i n-eagar 's i n-am,'<sup>9</sup> agus tugann sé ardmholadh do Roibeard Óg agus d'Oiléan Carrún, deartháir agus deirfiúr de chuid na n-uasal, as a gcuid cláirseoireachta. Is cuid suntais é an cuntas a thugtar ar Oiléan go háirithe, ós annamh tagairt déanta do chláirseoirí mná sa litríocht.

Oiléan Carrúb laglúb líomhtha léir,  
Foiléim aníúil teacht dúinn sínte lé;  
Bruthshéis taidhiúir fraischiúil chaoín a téad  
Tug mé ag machtnughadh feadh chúig n-oidhche ndéag.<sup>10</sup>

Fad is a bhí greim éigin ag uaisle na nGael ar a dtailte mhair an seansaol Gaelach agus ceol na cláirsí fite fuaite ann. Féach Aogán Ó Rathaille, file mór Muimhneach, é ag cur síos ar an spórt a bhíodh ar siúl i 'gCúirt Uí Cheallacháin' agus 'poirt ar chruitibh dá seinm go ceolmhar'.<sup>11</sup> (Tá sé ag cuimhneamh anseo ar Dhónall Ó Ceallacháin a cailleadh sa bhliain 1709.) Agus cuimhnimis freisin ar na línte úd san amhrán 'Liam Ó Raghallaigh' (c. 1700?) faoi bhainis an fhir bháite:

bhí fidil ar clár ann  
agus an chláirseach á spreagadh...<sup>12</sup>

Suaitheantas suilt agus oiliúna is ea an chláirseach sna sleachta seo; ní féidir é a dhealú amach ón mbeatha féin. Léiríonn sí (ar nós na filíochta féin) an chuid is míne den dúchas, an chuid is saothraithe agus is greanta. Comhartha í ar rudai eile freisin – ar chlaonadh éigin culturtha, ar chliarlathas buan a raibh lánmhuinín aige as féin, ar rith oilte na méar trí leagan na nGael den stair. Tá sí fite fuaite in aigne áirithe agus níl sí beo lasmuigh den aigne sin. Na Sasanaigh a scar í ón saol a ghin í agus a bhain brí eile aisti: an bhrí pholaitiúil úd a thaitin chomh mór sin le náisiúnaithe nua na hÉireann agus í mar íomhá acu sa litríocht nua a chum siad i mBéarla. Tá an chláirseach úd fágtha ar lár anois, mórán: is féidir leis an seancheann teacht i réim arís.



**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

8 *An Duanaire*, uimh. 9, lch 16

9 Ó Tuama, Seán, 'Ceathrúna Phádraigín Haicéad,' *Aguisíní*, Coiscéim 2008, lch 105

10 *Ibid.* lch 105

11 *An Duanaire*, uimh. 47, lch 144

12 *Ibid.* uimh. 92, lch 334



## Leagan simplithe

### Maolú na Gaeilge

Tá alt suimiúil le Pádraig B. Ó Laighin ar *Feasta* (Nollaig 2013, [www.feasta.ie](http://www.feasta.ie)). Is é an teideal atá ar an alt sin ‘Anois an t-am chun deireadh mhaolú na Gaeilge san AE a lorg’. Téarma teicniúil is ea ‘maolú’ anseo. Ciallaíonn sé gur cuireadh moill ar rialachán<sup>13</sup> san Aontas Eorpach. Sa chás seo, tá moill curtha ar lánúsáid<sup>14</sup> na Gaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh.

Níl dualgas ar an AE na gníomhartha dlíthiúla<sup>15</sup> go léir a chur ar fáil i nGaeilge mar a dhéantar sna teangacha oifigiúla eile. Rialtas na hÉireann féin a rinne an cinneadh sin. Dúradh nach raibh an líon ceart aistritheoirí, ateangairí agus cúntóirí Gaeilge ann. Deir Pádraig go bhfuil sé in am ag an Rialtas deireadh a chur leis an maolú. Is féidir anois mór postanna a chur ar fáil ar chostas<sup>16</sup> an AE.

Tá an cheist á hiniúchadh ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, ach ní léir do Phádraig go bhfuil tuairimí phobal na Gaeilge á chur san áireamh san iniúchadh sin.

Chuir an Rialtas breis is €8 milliún isteach i gcúrsaí do chúntóirí, d’aistritheoirí, d’ateangairí agus do dhlítheangeolaithe.<sup>17</sup> Faoi dheireadh na bliana 2012 bhí 243 duine ann ar éirigh leo sna scrúduithe. Is dóigh le Pádraig nach féidir a rá anois go bhfuil ganntanas gairmithe ann.

Tá ardchaighdeán ag gabháil leis na trialacha iontrála. Sa chomórtas deireanach d’aistritheoirí Gaeilge theip ar 85.5% de na n-iarrthóirí. Fágann sé sin gur aistritheoirí amhaithe iad na daoine a tháinig tríd. Fiú dá mbeadh ganntanas aistritheoirí ann feasta, tá a lán conraitheoirí neamhspleácha ann atá in ann an obair a dhéanamh.

Deir Pádraig go gcuirfear timpeall 183 phost ardleibhéil ar fáil d’Éireannaigh roimh dheireadh na bliana 2016 agus iad maoinithe go hiomlán ag an Aontas Eorpach. Tá dul chun cinn mór déanta. Síleann Pádraig go dtiocfaidh laghdú tobann ar líon na ndaoine a dhéanann na cúrsaí úd mura gcuirfidh an Rialtas deireadh leis an maolú.

---

13 Rialachán - regulation

14 Lánúsáid – full use

15 Gníomhartha dlíthiúla – lawful actions

16 Ar chostas – at the expense of

17 Dlítheangeolaithe – lawyer-linguists